Cluichí sa Chlós

Bíodh Spraoi Agaibh!

Seo a leanas an teanga Ghaeilge a bhaineann le roinnt cluichí a imríonn páistí i gclós na scoile. Tá an teangasimplí agus moltar roinnt ama a chaitheamh á múineadh ar dtús sa seomra ranga Braitheann leibhéal na teangaar aois agus ar leibhéal Gaeilge na bpáistí.

1. Deir Ó Grádaigh

(Seo leagan Gaeilge den chluiche "Simon says")

Bíonn duine amháin ag tabhairt orduithe.

Teanga: Deir Ó Grádaigh "Seasaigí suas/suígí síos/crom síos/ardaigh do lámha/sín amach do lámha/cuir suas na lámha/cuir do lámh chlé suas san aer/seas ar chos amháin/bí ag rith/bí ag léim/bí ag siúl/seasaigí ar chos amháin/cuir do lámh ar do bhéal, do smig, do chluasa, do shúile, do cheann, do bhásta/cuir do lámh dheas ar do ghlúin chlé, ar do ghualainn chlé".

Tugtar treoir eile m.sh. **"Cas timpeall"**.Ní leantar an treoir sin mar nach ndúradh "Deir Ó Grádaigh" ar dtús. Má leanann páiste an treoir tá sé/sí amuigh.

2. Cén t-am é, a mhactíre?

Teanga: Múintear í seo roimhré le cabhair an chloig.

Ceist: "Cén t-am é, a mhactíre?"

Freagraí: Tá sé a haon a chlog/a dó a chlog/a dó dhéag a chlog.

Tá sé ceathrú chun/ceathrú tar éis a ____.
Tá sé cúig/deich/fiche nóiméad chun/tar éis a ____.
Tá sé leath uair tar éis a ____.
Tá sé in am bricfeasta/in am lóin/in am dinnéir.

An Cluiche: Roghnaítear an "Mactíre" agus na "Caoirigh". Seasann na caoirigh i gciorcal timpeall an mhactíre ag glaoch "Cén t-am é, a mhactíre?" Freagraíonn an mactíre "Tá sé a dó a chlog" agus tógann na páistí dhá chéim ina threo. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go bhfreagraíonn sé: "Tá sé in am lóin/am dinnéir...". Ritheann na caoirigh agus ritheann an mactíre ina ndiaidh. Má bheireann an mactíre ar aon chaora sin é/í an chéad mhactíre eile.

3. An Cat agus an Francach

Seasann na páistí i gciorcal le greim lámha ar a chéile. Roghnaítear "Cat" agus seasann sé taobh amuigh den fháinne. Toghtar "Francach" agus seasann sé taobh istigh den fháinne. Déanann an cat a dhícheall breith ar an bhfrancach ag rith ina dhiaidh isteach agus amach as an gciorcal. Cabhraíonn na páistí san fháinne leis an bhFrancach trí ligint dó dul amach nó isteach trí na lámha. Déanann siad iarracht cosc a chur leis an gcat trí na lámha a ardú agus a ísliú. Nuair a bheirtear ar an bhFrancach toghtar cat agus Francach nua agus tosaítear ar an gcluiche arís.

Teanga: rith/go sciopaidh/go tapaidh/déan deifir/beir air/beir uirthi/rith an treo eile/isteach/amach/tabhair seans eile dó/tabhair seans eile di//tá tú gafa/tá tú aige/tá tú

Rás na Málbaí

aici/mí-ádh/fág an bealach/comhghairdeas/go n-éirí leat/go n-éirí libh/cluiche iontach.

4. Deilbh

Roghnaítear dhá fhoireann. Glaoitear ainmneacha ar na foirne. Bíonn foireann amháin ag iarraidh breith ar an bhfoireann eile. Nuair a bheirtear ar pháiste seasann sé/sí socair mar dhealbh go dtí go scaoileann páistí eile ón bhfoireann chéanna saor é/í trí lámh a leagan air/uirthi. Bíonn de i readh leis an gcluiche nuair a bheirtear ar na páistí uilig.

Teanga: an bhfuil sibh réidh?/rith/déan deifir/mí-ádh/tá tú gafa/tá tú agam/is dealbh tú/tá tú saor/beir air/beir uirthi/tá tú ró-thapaidh/tá tú ró-sciopaidh/tá tú ró-mhall/tabhair seans eile dom/cluiche iontach/níl ach cúig noiméad fágtha/tá an t-am istigh.

5. A Mhamaí, an bhfuil cead agam?

Bíonn páiste amháin mar cheannaire/chaptaen. Seasann sé/sí ag an 'Tús' líne. Déanann na páistí eile iarracht dul chomh fada leis/léi. Glaonn an ceannaire amach treoir ar nós, "A Mháire, tráta". Caithfidh Máire céim siar a thógáil. Sula leanann an páiste an treoir caithfidh sé/sí cead a fháil ón gceannaire. Deireann sé/sí "A Mhamaí, an bhfuil cead agam" agus nuair a deireann an ceannaire "tá cead agat" is féidir leanúint ar aghaidh.

Teanga: Cé atá mar chaptaen?

"A Liam, céim bheag bhídeach.(céim bheag siar)

"A Sheáin, céim mhór mhillteach.(céim mhór siar)

"A Dheirdre, scáth fearthainne.(cas timpeall go ndeireann an ceannaire 'stop')

"A Mhichíl, traein.(abair 'choo choo' agus téigh ar aghaidh go ndeireann an ceannaire 'stop')

Is féidir leis na páistí tuilleadh treoracha a chumadh le cabhair ón múinteoir.

6. Roille, roille ráinne

(Seo leagan Gaeilge ar "Ring a ring a rosy")

Roille, roille ráinne,
Timpeall linn i bhfáinne,
Rileoro! Rileoro!
Suas san aer le mo choisín ó.

Dhá lámh ag bualadh bos,
Dhá chois ag siúl,
Féach orm ag léim go hard,
Seo mé i mo shuí go ciúin.

7. Soilse

Pioctar ceannaire/captaen. Ritheann/siúlann/léimeann (roghnaigh gníomhaíocht amháin) na páistí timpeall an chlóis. Glaonn an ceannaire amach dathanna na soilse tráchta:

Glas=téigh ar aghaidh, dearg=stop agus bí i do dhealbh agus ómra=téigh níos moille. Caithfidh na páistí na horduithe a leanúint nó má théann páiste sa treo mícheart tá sé/sí amuigh.

Teanga: Rithigí/siúlaigí/bí ag léim/bí ag scipeáil/ glas/dearg/ómra/bí i do dhealbh, níos moille/ tá tú amuigh/ tabhair seans eile dom/maith thú/maith sibh.

A Mhamaí, an bhfuil cead agam?

8. Beir, ná beir

Seasann na páistí i gciorcal. Seasann páiste eile i lár an chiorcail agus liathróid bheag aici/aige. Glaonn an páiste seo amach "beir ar an liathróid" nó "ná beir ar an liathróid" agus ansin caitheann sé/sí an liathróid go tapaidh chuig duine éigin sa chiorcal. Caithfidh an páiste sin an treoir a leanúint.

Teanga: an bhfuil sibh réidh?/mí-ádh/beir air/beir uirthi/tá tú ró-mhall/tabhair seans eile dom/cluiche iontach/níl ach cúig noiméad fágtha/tá an t-am istigh.

Seo cur síos ar chluichí eile gur féidir leis na páistí imirt sa chlós. Is féidir an teanga atá luaite leis na cluichí thuas a úsáid chomh maith leis na samplaí d'eiseamláirí teanga atá tugtha thíos.

9. An Cat agus an Luch

Socraítear na páistí i bhfáinne, greim láimhe acu ar a chéile. Toghtar cat agus luch. Seasann siad i lár an fháinne. Ar 'tosnaigh' ritheann an luch isteach is amach trí na poill insan fháinne. Caithfidh an cat é a leanúint tríd na poill chéanna. Muna ndéanann an cat é sin, toghtar cat nua. Má bheirtear ar an luch, tosaítear ar an gcluiche arís le cat agus luch eile.

10. Cluiche le Ceol

Socraítear na páistí i bhfáinne. Tóghtar páiste amháin agus seasann sé i lár an fháinne. Socraíonn an páiste sin an gníomh a chaitear a dhéanamh nuair a stopann an ceol, m.sh. suí síos, seas suas, rith, agus araile. Gluaiseann na páistí timpeall leis an gceol. Stopann an ceol go tobann. Déanann na páistí an gníomh atá roghnaithe. An té is déanaí ag corraí bíonn air seasamh i lár an fháinne.

Baill d'fhoireann na Gaeilge ón gClár
Ta caíochta don Churaclam Bunscoile a scríobh an t-alt seo. Buail isteach i suíomh www.pcsp.ie le tuilleadh smaointí a fháil.